Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 23 Iúil 2025**
**(OR. en)**

**11819/25**
**ADD 1**

**DENLEG 34**
**FOOD 67**
**SAN 479**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 17 Iúil 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | D(2025) 107734 annex |
| Ábhar: | IARSCRÍBHINNÍ a ghabhann le RIALACHÁN (AE) .../...<br>ÓN gCOIMISIÚN lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad D(2025) 107734 annex.

---

Faoi iamh: D(2025) 107734 annex

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, XXX
PLAN/2016/150 ANNEX
(POOL/E2/2016/150/150-EN
ANNEX.docx) D107734/02
[…](2025) XXX draft

ANNEXES 1 to 3

**IARSCRÍBHINNÍ**

**a ghabhann le**

**RIALACHÁN (AE) .../... ÓN gCOIMISIÚN**

**lena leasaítear Iarscríbhinní II agus III agus lena gceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe**

## IARSCRÍBHINN I

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

1. i gCuid A, tábla 1, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 12:

| | |
|---|---|
| ‘12 | Pasta tirim, gan pasta saor ó ghlútan a áireamh (mar bhia a tháirgtear go speisialta chun cion glútain na gcomhábhar ina bhfuil glútan a laghdú nó chun na comhábhair ina bhfuil glútan a ionadú), agus pasta a cheaptar le haghaidh aistí bia hipeapróitéacha’ |

;

2. i gCuid A, tábla 2, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 30:

| | |
|---|---|
| ‘30 | Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena n-úsáid mar bhia do leanaí óga* agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a luaitear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, lena n-áirítear bianna chun críocha speisialta míochaine do naíonáin agus do leanaí óga |

---------

* Catagóir táirgí a shuitear chun úsáid breiseán sa bhia lena mbaineann a rialáil, agus chun na críche sin amháin.’;

3. i gCuid D, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le catagóir 01.9 (Cáiséanáití inite):

| | |
|---|---|
| ‘01.10 | Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena n-úsáid mar bhia do leanaí óga* |

----------

* Catagóir táirgí a shuitear chun úsáid breiseán sa bhia lena mbaineann a rialáil, agus chun na críche sin amháin.’;

4. i gCuid D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann le catagóir 13 (Bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/39/CE) agus a fochatagóirí:

| | |
|---|---|
| **‘13.** | **Bianna a cheaptar do ghrúpaí sonracha mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013** |
| 13.1 | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga |
| 13.1.1 | Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| 13.1.2 | Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| 13.1.3 | Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| 13.1.5 | Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) |

| | |
|---|---|
| | Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin agus leanaí óga |
| 13.1.5.1 | Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin |
| 13.1.5.2 | Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin atá 4 mhí d'aois agus ar aghaidh agus do leanaí óga |
| 13.2 | Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 (gan táirgí ó chatagóir bhia 13.1.5 a áireamh) |
| 13.3 | Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialúchán (AE) Uimh. 609/2013' |

;

5. i gCuid D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le catagóir 18 (Bianna próiseáilte nach gcumhdaítear le catagóirí 1 go 17, gan bianna do naíonáin agus do leanaí óga a áireamh):

| **'18.** | **Bianna próiseáilte nach gcumhdaítear le catagóirí 1 go 17** |
|---|---|
| 18.1 | Bianna próiseáilte nach gcumhdaítear le catagóirí 18.2 agus 18.3, gan bianna do naíonáin agus do leanaí óga a áireamh |
| 18.2 | Malartú ar bhéile chun meáchan a rialú dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 432/2012 ón gCoimisiún* |
| 18.3 | Bianna a tháirgtear go speisialta chun cion glútain na gcomhábhar ina bhfuil glútan a laghdú nó chun na comhábhair ina bhfuil glútan a ionadú |

-----------

* IO L 136, 25.5.2012, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2012/432/oj.';

6. i gCuid E, i gcatagóir 0 (Breiseáin bhia a cheadaítear i ngach catagóir bianna seachas bianna do naíonáin agus do leanaí óga, ach amháin i gcás ina bhforáiltear go sonrach dá mhalairt), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na n-iontrálacha a bhaineann le E 290 (Dé-ocsaíd charbóin), E (938 (Argón), E 939 (Héiliam), E 941 (Nitrigin), E 942 (Ocsaíd nítriúil), E 948 (Ocsaigin) agus E 949 (Hidrigin):

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 290 | Dé-ocsaíd charbóin | *quantum satis* | | féadfar í a úsáid i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| | E 938 | Argón | *quantum satis* | | féadfar é a úsáid i mbianna do |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| | E 939 | Héiliam | *quantum satis* | | féadfar é a úsáid i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| | E 941 | Nítrigin | *quantum satis* | | féadfar í a úsáid i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| | E 942 | Ocsaíd nítriúil | *quantum satis* | | féadfar í a úsáid i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| | E 948 | Ocsaigin | *quantum satis* | | féadfar í a úsáid i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| | E 949 | Hidrigin | *quantum satis* | | féadfar í a úsáid i mbianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | II’ |

;

7. i gCuid E, cuirtear an iontráil seo a leanas isteach i ndiaidh na hiontrála a bhaineann le catagóir 01.9 (Cáiséanáití inite):

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **‘01.10** | **Deochanna bainnebhunaithe agus táirgí comhchosúla a cheaptar lena n-úsáid mar bhia do leanaí óga*** | | | | |
| | Maidir leis na huasleibhéil úsáide a shonraítear, tagraíonn siad do bhianna atá réidh lena gcaitheamh agus a ullmhaítear de réir threoracha na monaróirí | | | | |
| | Tabhair faoi deara: Maidir le bainne aigéadaithe a mhonarú, féadfar saothráin neamhphataigineacha táirgthe aigéid L(+)-lachtaigh a úsáid | | | | |
| | E 270 | Aigéad lachtach | *quantum satis* | | foirm L(+) amháin |
| | E 304(i) | Palmatáit L-ascorbaile | 100 | (19) | |
| | E 306 | Eastóscán saibhir i dtócaifearól | 100 | (19) | |
| | E 307 | Alfa-tócaifearól | 100 | (19) | |
| | E 308 | Gáma-tócaifearól | 100 | (19) | |
| | E 309 | Deilte-tócaifearól | 100 | (19) | |
| | E 322 | Leicitiní | 10 000 | (14) | |
| | E 330 | Aigéad citreach | *quantum satis* | | |
| | E 331 | Ciotráití sóidiam | 2 000 | (1) | |
| | E 332 | Ciotráití potaisiam | *quantum satis* | (1) | |
| | E 338 | Aigéad fosfarach | | (1) (4) | |
| | E 339 | Fosfáití sóidiam | 1 000 | (1) (4) | |
| | E 340 | Fosfáití potaisiam | 1 000 | (1) (4) | |
| | E 407 | Carraigínin | 300 | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 410 | Guma pónaire lócaiste | 10 000 | (21) | |
| | E 412 | Guma guair | 10 000 | (21) | |
| | E 414 | Guma arabach (guma acaicia) | 10 000 | (21) | |
| | E 415 | Guma xantáin | 10 000 | (21) | |
| | E 440 | Peictiní | 5 000 | (21) | |
| | E 471 | Monaiglicrídí agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha | 4 000 | (14) | |
| | E 472c | Eistir aigéid chitrigh ó mhonaiglicrídí agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha | 7 500 | (14) | nuair a dhíoltar mar phúdar iad agus sa chás sin amháin |
| | E 472c | Eistir aigéid chitrigh ó mhonaiglicrídí agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha | 9 000 | (14) | nuair a dhíoltar mar leacht iad, i gcás ina bhfuil próitéiní atá hidrealaithe go páirteach, peiptídí nó aimíonaigéid sna táirgí, agus sa chás sin amháin |
| | E 473 | Eistir shiúcróis d'aigéid shailleacha | 120 | (14) | i dtáirgí ina bhfuil próitéiní atá hidrealaithe go páirteach, peiptídí nó aimíonaigéid, agus sa chás sin amháin |
| | E 500 | Carbónáití sóidiam | *quantum satis* | | |
| | E 501 | Carbónáití potaisiam | *quantum satis* | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | E 503 | Carbónáití amóiniam | *quantum satis* | | |
| | E 507 | Aigéad hidreaclórach | *quantum satis* | | le haghaidh coigeartú pH amháin |
| | E 524 | Hiodrocsaíd sóidiam | *quantum satis* | | le haghaidh coigeartú pH amháin |
| | E 525 | Giodrocaíd photaisiam | *quantum satis* | | le haghaidh coigeartú pH amháin |
| | E 1404 | Stáirse ocsaídithe | 50 000 | | |
| | E 1410 | Fosfáit monastáirse | 50 000 | | |
| | E 1412 | Fosfáit déstáirse | 50 000 | | |
| | E 1413 | Fosfáit déstáirse fhosfáitithe | 50 000 | | |
| | E 1414 | Fosfáit déstáirse aicéitilithe | 50 000 | | |
| | E 1420 | Stáirse aicéitilithe | 50 000 | | |
| | E 1422 | Adapáit déstáirse aicéitilithe | 50 000 | | |
| | E 1450 | Sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse | 50 000 | | |
| | | (1): Féadfar na breiseáin a chur leis ina n-aonar nó i gcomhcheangal | | | |
| | | (4): Is mar $P_2O_5$ a shloinntear an t-uasleibhéal | | | |
| | | (14): Má chuirtear níos mó ná ceann amháin de na substaintí E 322, E 471, E 472c agus E 473 le hearra bia, ní mór an t-uasleibhéal a shocraítear maidir leis earra bia sin le haghaidh gach ceann de na substaintí sin a ísliú de réir na coda coibhneasta sin mar tá sí ann leis na substaintí eile san earra bia sin | | | |
| | | (19): Údaraítear E 304, E 306, E 307, E 308 agus E 309 ina n-aonar nó i | | | |

| | | |
|---|---|---|
| | | gcomhcheangal |
| | | (21): Údaraítear E 410, E 412, E 414, E 415 agus E 440 ina n-aonar nó i gcomhcheangal |

______

* Catagóir táirgí a shuitear chun úsáid breiseán sa bhia lena mbaineann a rialáil, agus chun na críche sin amháin.';

8. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le catagóir 06.4.2 (pasta tirim):

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| **'06.4.2** | **Pasta tirim** | | | | |
| | Grúpa I | Breiseán | | | pasta saor ó ghlútan amháin (mar bhia a tháirgtear go speisialta chun cion glútain na gcomhábhar ina bhfuil glútan a laghdú nó chun na comhábhair ina bhfuil glútan a ionadú), agus pasta a cheaptar le haghaidh aistí bia hipeapróitéacha' |

;

9. i gCuid D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal chatagóir 13 (Bianna a cheaptar le haghaidh úsáidí cothaitheacha áirithe mar a shainmhínítear i dTreoir 2009/39/CE):

| | |
|---|---|
| **'13** | **Bianna a cheaptar do ghrúpaí sonracha mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013'** |

;

10. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le catagóir 13.1 (Bianna do naíonáin agus do leanaí óga):

| | |
|---|---|
| **'13.1** | **Bianna do naíonáin agus do leanaí óga** |
| | AN CHUID RÉAMHRÁITEACH, IS INFHEIDHME MAIDIR LE GACH FOCHATAGÓIR |
| | Maidir leis na huasleibhéil úsáide a shonraítear, tagraíonn siad do bhianna atá réidh lena gcaitheamh agus a ullmhaítear de réir threoracha na monaróirí |
| | Úsáidfear E 307, E 325, E 330, E 331, E 332, E 333, E 338, E 340, E 410, E472c agus E 1450 i gcomhréir leis na teorainneacha a shocraítear san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 ón gCoimisiún*, sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/128 ón gCoimisiún** agus sna hIarscríbhinní a ghabhann le Treoir 2006/125/CE ón gCoimisiún*** |

--------------------

* IO L 25, 2.2.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/127/oj.

**	IO L 25, 2.2.2016, lch. 30, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2016/128/oj.

***	IO L 339, 6.12.2006, lch. 16, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2006/125/oj.';

11. i gCuid D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad chatagóir 13.1.1 (Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear i dTreoir 2006/141/CE):

| | |
|---|---|
| **'13.1.1** | **Bainne foirmle do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013** |

;

12. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (15) a ghabhann le catagóirí 13.1.1 agus 13.1.2:

'(15): Údaraítear E 339 agus E 340 ina n-aonar nó i gcomhcheangal agus i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 agus sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127'

;

13. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (43) a ghabhann le catagóirí 13.1.1 agus 13.1.2:

'(43): Údaraítear E 331 agus E 332 ina n-aonar nó i gcomhcheangal agus i gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 agus sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127'

;

14. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad fhonóta (44) a ghabhann le catagóirí 13.1.1 agus 13.1.2:

'(44): I gcomhréir leis na teorainneacha a leagtar síos san Iarscríbhinn a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 agus sna hIarscríbhinní a ghabhann le Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127'

;

15. i gCuid D, cuirtear an méid seo a leanas in ionad chatagóir 13.1.2 (Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear i dTreoir 2006/141/CE):

| | |
|---|---|
| **'13.1.2** | **Bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013'** |

;

16. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal chatagóir 13.1.3 (Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i dTreoir 2006/125/CE):

| | |
|---|---|
| **'13.1.3** | **Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013'** |

;

17. i gCuid E, scriostar an iontráil a bhaineann le catagóir 13.1.4 (Bianna eile do leanaí óga);

18. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal chatagóir 13.1.5 (Bianna diaitéiteacha do naíonáin agus do leanaí óga chun críocha speisialta míochaine a shainmhínítear i dTreoir 1999/21/CE agus bainne foirmle speisialta do naíonáin):

| | |
|---|---|
| ‘13.1.5 | **Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin agus leanaí óga**’ |

;

19. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal chatagóir 13.1.5,1 (Bianna diaitéiteacha do naíonáin chun críocha speisialta míochaine agus bainne foirmle speisialta do naíonáin):

| | |
|---|---|
| ‘13.1.5.1 | **Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin**’ |

;

20. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal chatagóir 13.1.5,2 (Bianna diaitéiteacha do naíonáin agus do leanaí óga chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i dTreoir 1999/21/CE):

| | |
|---|---|
| ‘13.1.5.2 | **Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin atá 4 mhí d’aois agus ar aghaidh agus do leanaí óga**’ |

;

21. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal chatagóir 13.2 (Bianna diaitéiteacha chun críocha speisialta míochaine a shainmhínítear i dTreoir 1999/21/CE (gan táirgí ó chatagóir bia 13.1.5 a áireamh)):

| | |
|---|---|
| ‘13.2 | **Bianna chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 (gan táirgí ó chatagóir bhia 13.1.5 a áireamh)**’ |

;

22. i gCuid E, cuirtear an méid seo a leanas in ionad cheannteideal chatagóir 13.3 (Bianna diaitéiteacha le haghaidh aistí bia chun meáchan a rialú a bheartaítear a chur in ionad na hiontógála laethúla bia nó in ionad béile aonair (an aiste bia laethúil iomlán nó cuid di):

| | |
|---|---|
| ‘13.3 | **Ionadach ar an aiste bia iomlán chun meáchan a rialú mar a shainmhínítear i Rialúchán (AE) Uimh. 609/2013**’ |

;

23. i gCuid E, scriostar an iontráil a bhaineann le catagóir 13.4 (Bianna atá oiriúnach do dhaoine atá éadulangach ar ghlútan mar a shainmhínítear i Rialachán (CE) Uimh. 41/2009);

24. i gCuid D, déantar an iontráil a bhaineann le catagóir 18 (Bianna próiseáilte nach gcumhdaítear le catagóirí 1 go 17, gan bianna do naíonáin agus do leanaí óga a áireamh) a ionadú agus cuirtear iontrálacha nua maidir le catagóirí 18.1 go 18.3 isteach mar a leanas:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| ‘18 | **Bianna próiseáilte nach gcumhdaítear le catagóirí 1 go 17** | | | | |
| 18.1 | **Bianna próiseáilte nach gcumhdaítear le catagóirí 18.2 agus 18.3, gan bianna do naíonáin agus do leanaí óga a áireamh** | | | | |
| | Grúpa I | Breiseán | | | |
| 18.2 | **Malartú ar bhéile chun meáchan a rialú dá dtagraítear i Rialachán (AE) Uimh. 432/2012** | | | | |
| | Grúpa I | Breiseán | | | |
| | Grúpa II | Dathanna ar *quantum satis* | *quantum satis* | | |
| | Grúpa III | Dathanna lena mbaineann uasteorainn chomhcheangailte | 50 | | |
| | Grúpa IV | Polóil | *quantum satis* | | |
| | E 104 | Buí Cuineoilín | 10 | (61) | |
| | E 110 | Buí Oráiste | 10 | (61) | |
| | E 124 | Ponsó 4R, Carnaid Dhearg A | 10 | (61) | |
| | E 160d | Lícipéin | 30 | | |
| | E 200 – 213 | Aigéad sorbach – sorbáit photaisiam; Aigéad beansóch – beansóáití | 1 500 | (1) (2) | |
| | E 338-452 | Aigéad fosfarach — fosfáití — | 5 000 | (1) (4) | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | | défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití | | | |
| | E 405 | Ailgionáit phrópán–1,2-dé-óil | 1 200 | | |
| | E 432-436 | Polasorbáití | 1 000 | (1) | |
| | E 473-474 | Eistir shiúcróis d’aigéid shailleacha — siúcraiglicrídí | 5 000 | (1) | |
| | E 475 | Eistir pholaigliocróil d’aigéid shailleacha | 5 000 | | |
| | E 477 | Eistir phrópán-1,2 dé-óil d’aigéid shailleacha | 1 000 | | |
| | E 481-482 | Stéiril-2-lachtaláití | 2 000 | (1) | |
| | E 491-495 | Eistir soirbíotáin | 5 000 | (1) | |
| | E 950 | Aicéasuilféim K | 450 | | |
| | E 951 | Aspairtéim | 800 | | |
| | E 952 | Aigéad cioglamach agus a shalainn Na agus Ca | 400 | (51) | |
| | E 954 | Sacairín agus a shalainn Na, K agus Ca | 240 | (52) | |
| | E 955 | Siúcralós | 320 | | |
| | E 959 | Neoiheispiridín DC | 100 | | |
| | E 960a | Gliocóisídí | 270 | (1) | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | – 960d | steibhióil | | (60) | |
| | E 961 | Neoitéim | 26 | | |
| | E 962 | Salainn aspairtéim-aicéasuilféime | 450 | (11)a<br>(49)<br>(50) | |
| | E 969 | Advaintéim | 8 | | |
| | | (1): Féadfar na breiseáin a chur leis ina n-aonar nó i gcomhcheangal | | | |
| | | (2): Tá an t-uasleibhéal infheidhme maidir leis an tsuim agus sloinntear na leibhéil mar an saoraigéad | | | |
| | | (4): Is mar $P_2O_5$ a shloinntear an t-uasleibhéal | | | |
| | | (11): Sloinntear teorainneacha mar (a) coibhéis aicéasuilféime K nó (b) coibhéis aspairtéime | | | |
| | | (49): Díorthaítear na huasleibhéil inúsáidte ó na huasleibhéil inúsáidte le haghaidh a chomhpháirteanna, aspairtéime (E 951) agus aicéasuilféime-K (E 950) | | | |
| | | (50): Ní mór gan na leibhéil le haghaidh E 951 agus E 950 araon a shárú ach úsáid a bhaint as salann aspairtéime-aicéasuilféime, ina aonar nó i gcomhcheangal le E 950 nó E 951 | | | |
| | | (51): Sloinntear uasleibhéil inúsáidte mar shaoraigéad | | | |
| | | (52): Sloinntear uasleibhéil inúsáidte mar shaor-aimíd | | | |
| | | (60): Arna shloinneadh mar choibhéisí steibhióil | | | |
| | | (61): Maidir leis an gcainníocht iomlán de E 104, E 110, E 124 agus na dathanna i nGrúpa III, ní sháróidh siad an t-uasmhéid a liostaítear do Ghrúpa III | | | |
| **18.3** | **Bianna a tháirgtear go speisialta chun cion glútain na gcomhábhar ina bhfuil glútan a laghdú nó chun na comhábhair ina bhfuil glútan a ionadú**' | | | | |
| | I dtáirgí sa chatagóir seo, is féidir breiseáin a úsáid a cheadaítear i gcatagóirí comhfhreagracha contrapháirtithe bia | | | | |
| | Grúpa I | Breiseán | | | Lena n-áirítear pasta tirim |
| | Grúpa II | Dathanna ar *quantum satis* | *quantum satis* | | |
| | Grúpa | Polóil | *quantum satis* | | |

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | IV | | | | |
| | E 338-452 | Aigéad fosfarach — fosfáití — défhosfáití, trífhosfáití, polafosfáití | 5 000 | (1) (4) | |
| | Ina theannta sin, údaraítear gach breiseán sna contrapháirteanna ina bhfuil glútan | | | | |
| | | (1): Féadfar na breiseáin a chur leis ina n-aonar nó i gcomhcheangal | | | |
| | | (4): Is mar $P_2O_5$ a shloinntear an t-uasleibhéal' | | | |

.

## IARSCRÍBHINN II

Leasaítear Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

1. sna sainmhínithe, cuirtear an méid seo a leanas in ionad phointe 1:

'1. chun críocha na hIarscríbhinne seo, ciallaíonn 'cothaithigh' vitimíní, mianraí agus substaintí eile a chuirtear le bia chun críoch cothaitheach, chomh maith le substaintí a chuirtear le bia chun críoch fiseolaíoch mar a chumhdaítear le Rialachán (CE) Uimh. 1925/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle*, le Treoir 2002/46/CE agus le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013.

------------------

* IO L 404, 30.12.2006, lch. 26, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2006/1925/oj.';

2. i gCuid 5, Roinn A, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Breiseáin bhia a chuirtear le cothaithigh seachas cothaithigh a cheaptar lena n-úsáid i mbia a liostaítear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II agus i mbia do naíonáin agus do leanaí óga a liostaítear i gCuid E, pointe 13.1, d'Iarscríbhinn II:';

3. i gCuid 5, Roinn B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad na foclaíochta réamhráití:

'Breiseáin bhia a chuirtear le cothaithigh a cheaptar lena n-úsáid i mbia a liostaítear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II agus i mbia do naíonáin agus do leanaí óga a liostaítear i gCuid E, pointe 13.1, d'Iarscríbhinn II:';

4. i gCuid 5, Roinn B, cuirtear an méid seo a leanas in ionad an tábla:

| **'E-uimhir an bhreiseán bia** | **Ainm an bhreiseán bia** | **Uasleibhéal** | **Na cothaithigh a bhféadfar an breiseán bia a chur leo** | **Catagóir bia** |
|---|---|---|---|---|
| E 301 | Ascorbáit sóidiam | 100 000 mg/kg in ullmhóid vitimín A agus<br>is é 1 mg/l an tuliompar uasta sa bhia deiridh | ullmhóidí vitimín D | Bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| | | 50 000 mg/kg in ullmhóid vitimín A mhicrimchochlaithe agus<br>is é 1 mg/l an tuliompar uasta sa bhia deiridh | ullmhóidí vitimín A micrimchochlaithe | Bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | Tuliompar iomlán 75 mg/l | Bratuithe ullmhóidí cothaitheacha ina bhfuil aigéid shailleacha pholai-neamhsháithithe | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d’Iarscríbhinn II |
| E 304(i) | Palmatáit L-ascorbaile | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i gCuid E, pointí 01.10 agus 13.1, d’Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d’Iarscríbhinn II |
| E 306<br>E 307<br>E 308<br>E 309 | Eastóscán saibhir i dtócaifearól<br>Alfa-tócaifearól<br>Gáma-tócaifearól<br>Deilte-tócaifearól | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i gCuid E, pointí 01.10 agus 13.1, d’Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d’Iarscríbhinn II |
| E 322 | Leicitiní | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i gCuid E, pointí 01.10 agus 13.1, d’Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d’Iarscríbhinn II |
| E 330 | Aigéad citreach | *quantum satis* | Na cothaithigh uile | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d’Iarscríbhinn II |
| E 331 | Ciotráítí sóidiam | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i gCuid E, pointí 01.10 | Na cothaithigh uile | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | agus 13.1, d'Iarscríbhinn II agus go n-urramaítear na coinníollacha úsáide a shonraítear inti | | d'Iarscríbhinn II |
| E 332 | Ciotráití potaisiam | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i gCuid E, pointí 01.10 agus 13.1, d'Iarscríbhinn II agus go n-urramaítear na coinníollacha úsáide a shonraítear inti | Na cothaithigh uile | Bia do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| E 333 | Ciotráití cailciam | Tuliompar iomlán 0.1 mg/kg arna shloinneadh mar chailciam agus laistigh den teorainn maidir leis an leibhéal cailciam agus an cóimheas cailciam/fosfair mar a shocraítear le haghaidh na catagóire bia | Na cothaithigh uile | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| E 341(iii) | Fosfáit déchailciam | Tuliompar uasta 150 mg/kg arna shloinneadh mar $P_2O_5$ agus laistigh den teorainn maidir le cailciam, fosfar agus an cóimheas cailciam:fosfair mar a shocraítear i Rialachán Tarmligthe (AE) 2016/127 | Na cothaithigh uile | Bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach mar a shainmhínítear le Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| | | Urramaítear an t-uasleibhéal 1 000 mg/kg arna shloinneadh mar $P_2O_5$ ó gach úsáid sa bhia deiridh a luaitear i gCuid E, pointe 13.1.3, d'Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| E 401 | Ailgionáit | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha | Na cothaithigh | Bianna gránachbhunaithe |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | sóidiam | ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i bpointe 13.1.3 de Chuid E d'Iarscríbhinn II | uile | próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| E 402 | Ailgionáit photaisiam | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i gCuid E, pointí 01.10 agus 13.1.3, d'Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| E 404 | Ailgionáit chailciam | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i bpointe 13.1.3 de Chuid E d'Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| E 414 | Guma arabach (guma acaicia) | 150 000 mg/kg san ullmhóid chothaitheach agus 10 mg/kg tuliompar sa táirge deiridh | Na cothaithigh uile | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| E 415 | Guma xantáin | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i bpointe 13.1.3 de Chuid E d'Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| E 421 | Mainníotól | 1 000 uair níos mó ná vitimín B12,<br>3 mg/kg tuliompar iomlán | Mar iompróir le haghaidh vitimín B12 | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| E 440 | Peictiní | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i bpointe 13.1 de Chuid E d'Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bainne foirmle agus bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| E 466 | Ceallalós meitile carbocsaimeitile sóidiam,<br>guma ceallalóis | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i bpointe 13.1.5 de Chuid E d'Iarscríbhinn II<br>Go dtí an 26 Aibreán 2027 amháin* | Na cothaithigh uile | Bia chun críocha speisialta míochaine mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013, a cheaptar do naíonáin agus leanaí óga |
| E 471 | Monaiglicrídí agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i gCuid E, pointí 01.10 agus 13.1, d'Iarscríbhinn II agus go n-urramaítear na coinníollacha úsáide a shonraítear inti | Na cothaithigh uile | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d'Iarscríbhinn II |
| E 472c | Eistir aigéid chitrigh ó mhonaiglicrídí agus déghlicrídí d'aigéid shailleacha | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i gCuid E, pointí 01.10 agus 13.1, d'Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bainne foirmle do naíonáin agus bainne foirmle leantach do naíonáin agus do leanaí óga a bhfuil sláinte mhaith acu |
| E 551 | Dé-ocsaíd sileacain | 10 000 mg/kg in ullmhóidí cothaitheacha | Ullmhóidí cothaitheacha púdraithe tirime | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, |

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | d’Iarscríbhinn II |
| E 1420 | Stáirse aicéitilithe | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i bpointe 13.1.3 de Chuid E d’Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013 |
| E 1450 | Sucsainéit ochtainile sóidiam stáirse | Tuliompar 100 mg/kg | Ullmhóidí vitimíní | Bianna do naíonáin agus do leanaí óga agus i mbianna a luaitear i gCuid E, pointe 01.10, d’Iarscríbhinn II |
| | | Tuliompar 1 000 mg/kg | Ullmhóidí aigéad sailleach pholai-neamhsháithithe | |
| E 1451 | Stáirse ocsaídithe aicéitilithe | Le haghaidh úsáidí in ullmhóidí cothaitheacha ar choinníoll nach sáraítear an t-uasleibhéal i mbianna a luaitear i bpointe 13.1.3 de Chuid E d’Iarscríbhinn II | Na cothaithigh uile | Bianna gránachbhunaithe próiseáilte agus bianna do naíonáin agus do leanaí óga mar a shainmhínítear i Rialachán (AE) Uimh. 609/2013’ |

-----------

* IO L, 2025/666, 7.4.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/666/oj.‘.

## IARSCRÍBHINN III

Ceartaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 mar a leanas:

1. i gCuid E, i gCatagóir 13.2 (Bianna diaitéiteacha chun críocha speisialta míochaine a shainmhínítear i dTreoir 1999/21/CE (gan táirgí ó chatagóir bia 13.1.5 a áireamh)), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hadvaintéim:

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 969 | Advaintéim | 10' | | | |

;

2. i gCuid E, i gcatagóir 13.3 (Bianna diaitéiteacha le haghaidh aistí bia chun meáchan a rialú a bheartaítear a chur in ionad na hiontógála laethúla bia nó in ionad béile aonair (an aiste bia laethúil iomlán nó cuid di), cuirtear an méid seo a leanas in ionad na hiontrála a bhaineann le hadvaintéim:

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| | 'E 969 | Advaintéim | 8' | | |

.